Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022
(OR. en)

6004/22
ADD 1

FIN 121
PE-L 8

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>– *Glacadh* |

IARSCRÍBHINN 1: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir ............. 2

IARSCRÍBHINN 2: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ........ 4

IARSCRÍBHINN 3: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia... 7

IARSCRÍBHINN 4: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin .......................... 9

IARSCRÍBHINN 5: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde ........................................................ 11

IARSCRÍBHINN 6: Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde........................ 13

**IARSCRÍBHINN 1**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/776/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/336/CE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[3], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

---

1 IO L 343, 19.12.2013, lch. 46.
2 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
3 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 2**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/771/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide' agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/20/CE agus 2007/372/CE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[3], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

---

1 IO L 341, 18.12.2013, lch. 73.
2 IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
3 IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**<u>Iarscríbhinn a ghabhann le hIARSCRÍBHINN 2</u>**

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT <u>DON GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN UM FHIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte, go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amhail an 31 Nollaig 2020, ar gach slí is ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí is ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin a chaithfear a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle an laige rialaithe *ex ante* a d’aimsigh an Chúirt agus molann sí don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh chun rialuithe inmheánacha éifeachtacha éifeachtúla a áirithiú darb aidhm earráidí agus neamhrialtachtaí a chosc.

**IARSCRÍBHINN 3**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/770/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/858/CE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[3], agus go háirithe an chéad mhír d’Airteagal 66 de,

[1] IO L 341, 18.12.2013, lch. 69.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[3] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 4**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/801/AE ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/60/CE arna leasú le Cinneadh 2008/593/CE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[3], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

[1] IO L 352, 24.12.2013, lch. 65.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[3] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 5**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Taighde**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Taighde**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/778/AE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/46/CE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[3], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

---

[1] IO L 346, 20.12.2013, lch. 54.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[3] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Taighde don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí gur díol sásaimh don Chomhairle nach n-iarrtar aon bharúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN 6**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde**
**don bhliain airgeadais 2020**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2013/779/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/37/CE[1],

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú[2], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail a bhainistiú[3], agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 66 de,

---

[1] IO L 346, 20.12.2013, lch. 58.
[2] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[3] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus caiteachais Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin' anseo feasta, agus ar a clár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ar bharúlacha na Cúirte léi[1],

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh buiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin chun feidhme ar shlí amhail is gur féidir urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DO <u>GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN NA COMHAIRLE EORPAÍ UM THAIGHDE</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle tuairim na Cúirte, go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin amhail an 31 Nollaig 2020, ar gach slí is ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí is ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin a chaithfear a thabhairt.

Is oth leis an gComhairle an laige sa soláthar poiblí a d'aimsigh an Chúirt agus molann sí don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirtear nósanna imeachta soláthair agus íocaíochtaí gaolmhara i bhfeidhm go cuí.